# CITH IS DEALÁN

SÉAMUS Ó GRIANNA

Máire

Samhailt a bheirim don tsaol
Spéir thaodach lá earraigh,
'S go dtig toil agus neamhthoil
Mar thig cith is dealán.

Niall Ó Dónaill
a chuir in eagar

CLÓ MERCIER
Corcaigh agus Baile Átha Cliath

CLÓ MERCIER TEORANTA
4 Sráid an Droichid, Corcaigh
25 Sráid na Mainistreach Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1

SBN 85342 448 9
© Cló Mercier 1976
An séú cur amach, 1976

Muiris Mac Conghail, PRHA, a rinneadh an dearadh don chlúdach.

## Clár an Leabhair

Nóta Clúdaigh: Peadar O'Donnell

Sagart Éamoinn Sheáin Óig . . . . . . 7
Mánus Ó Súileachán . . . . . . 35
An Aisling Bhréige . . . . . 51
Grásta ó Dhia ar Mhicí . . . . . 67
Anam a Mháthara Móire . . . . . 86
An Bhean nach gCuirfeadh Cloch i mo Leacht . 94
Faoi na Fóide is mé Sínte . . . . . 110

# SAGART ÉAMOINN SHEÁIN ÓIG

## 1

Bhí sé ina chónaí leis féin i dteach bheag cheann tuí in ascaill an ghleanna. Ní raibh a fhios againn féin (agamsa nó ag Dónall nó ag an chuid eile de na páistí s'againne), ní raibh a fhios againn cad chuige ar tugadh 'an Sagart' air. Níor chosúil le sagart é ar dhóigh nó ar dhóigh eile. Bhí cuma bhocht ocrach air. Bhí sé ina chónaí i gcró bheag a raibh dath an tsúiche ar na taobháin agus ar na creataí aige. Seanduine lom cnámhach a bhí ann, féasóg liath ag teacht go leath a bhrollaigh air, agus culaith smolchaite air de ghlaisín caorach.

Bhíodh sé go minic ag léamh. Sin an rud ba mhó a chuir iontas orainn féin, seanduine den tseandéanamh agus léann aige! Bhíothas á rá, fosta, gurbh é an chuid ab fhearr den léann a bhí aige. Chonacthas sin cruthaithe an lá a bhí sé féin agus máistir na scoile le chéile sa tseanchas i dteach an éistigh. Rinne sé ciolar chiot den mháistir i ndiaidh an gus a bhí ann. Agus níorbh é sin amháin é, ach thug sé lán a léineadh don tSagart Mhór Ó Dhónaill an tráthnóna céanna.

Oíche Shamhna amháin, arsa mo mháthair liom féin le clapsholas: 'Goitse, a Mháire, go bhfága tú meascán ime agus gogán bainne thuas ag Sagart Éamoinn Sheáin Óig. Is mór an díol déirce an duine bocht. Oíche cheann féile ann agus gan aon deor ina theach is gile ná an t-uisce. Imigh leat anois. Bíodh Dónall leat má tá uaigneas ort.'

D'imigh mé féin agus Dónall. Bhí iomlán gealaí ann agus oíche chomh ciúin is nach mbogfadh ribe ar do cheann. Suas an bealach mór linn, cois an locha, agus sinn ag amharc ó am go ham ar na scáilí uaigneacha duibheagánacha a bhí na Beanna Gorma a chaitheamh trasna ar bhrollach chiúin an locha. Thuas i mbarr an

ghleanna bhí teach an tSagairt. Mhothaíomar boladh an ghiúis sula dtáinigeamar fá chéad slat don doras. Tine ghrágán is minice a bhíodh thíos aige.

Ar theacht chun an tí dúinn bhí sé ina shuí ar súgán sa chlúdaigh agus é ag cur paiste ar sheanbhríste, le solas na tineadh. Chuir sé fáilte romhainn agus d'iarr orainn suí.

'Ní fhéadfainn a bheith fuar ionaibh,' ar seisean, ag ligean an ghogáin fá réir. 'Is iontach nach bhfuil sibh tuirseach ag déanamh cineáil orm . . . Tarraing an stól aníos in aice na tine, a Dhónaill . . . Goitse, a Mháire, ó tharla in áit na garaíochta thú, agus cuir snáithe sa tsnáthaid seo domh. Tá mé ag cailleadh an amhairc. . . . Go mbuanaí Dia amharc na súl agat, a leanbh . . . . . . A Dhónaill, buail an madadh sin as eadar thú agus an tine . . . 'Bhran! an gcluin tú mé? Gabh siar agus luigh faoin leaba agus ná bí sínte i do scraiste sa luaith más fada do shaol.'

D'éirigh an madadh agus shín sé amach a dhá chois tosaigh. Chroch sé amach teanga fhada dhearg agus nocht sé fiacla fada geala. Ansin d'imigh sé go fáilí agus shocair é féin thiar faoin leaba.

Bheir an Sagart ar an mhaide bhriste agus thiontaigh sé cupla smután ar an tine. D'éirigh bladhaire beag croíúil uirthi a chuir scáilí a dhamhsa ar na ballaí. Thiontaigh an Sagart thart an bríste nó go raibh an paiste ar aghaidh a láimhe agus thoisigh sé á fhuáil. Chuir sé suas drandán ceoil. Tharraing sé air seanamhrán de chuid an bhaile s'againne:

Dhéanfaidh mé cuilt de mo bhríste
  mhairfeas le saol na bhfear,
Is beidh mé mar sin go dtí'n díle
  's mé ag imeacht mar chaoirigh ghlais.
Ní bhainfidh mé 'n fhéasóg seo díom
  nó go mbí sí seacht míle ar fad,
'S mur' bhfaighe mise grá geal mo chroíse
  fuígfidh mé 'n saol seo ar fad.



Nuair a bhí an t-amhrán sin ráite aige thoisigh sé ar cheann eile. Dúirt sé cuid mhór den dara ceann fríd a fhiacla, mar nár mhaith leis sinne a chluinstin. Níor choinnigh mé cuimhne ach ar chupla focal de:

Faraor an té fuair léann an tsagairt
Agus thréig a chreideamh mar gheall ar mhná.

Nuair a bhí an paiste curtha aige chaith sé an bríste trasna ar bhacán a bhí sáite sa bhalla. Chuaigh sé anonn go dtí an leaba, d'fhoscail bocsa beag adhmaid, agus tháinig chugainn féin le dhá úll. Shuigh sé sa chlúdaigh ar ais agus chuir dealán ar a phíopa. Ansin thoisigh sé a chomhrá linn agus a inse scéalta dúinn. Agus, a Dhia, na scéalta deasa a bhí aige—fá dhaoine beaga agus fá cheol sí.

'Ar mhaith libh "Gadaíocht Inis Duáin" a fheiceáil?' ar seisean.

Dúirt mé féin gur mhaith. Thug sé leis cúig cinn déag de sceallóin agus cúig cinn déag eile de dhartáin mhóna, agus rinne sé an cleas dúinn ar chlár pota. D'fhanamar aige go raibh am luí ann.

'Muire, rinne sibh bhur n-airneál ar fónamh,' arsa mo mháthair, nuair a tháinigeamar chun an bhaile. 'Mar dhia gur ag an tSagart a chaith sibh an oíche!'

Dúirt mé féin ar m'fhírinne gurbh ea, ag toiseacht agus ag inse fá na cleasa agus fán ranntaíocht a bhí aige.

'Tá sé ar chéill na bpáistí,' arsa mo mháthair.

'Bhí amhrán aige fá chuilt a dhéanamh dá bhríste a mhairfeadh le saol na bhfear,' arsa Dónall.

'Bhí ceann eile aige,' arsa mise, 'fá fhear a fuair léann sagairt agus chaill a chreideamh.'

'Is minic an t-amhrán sin ina bhéal,' arsa mo mháthair mhór.

'B'fhéidir nach raibh sé i ndán dó a bheith ina shagart,' arsa mo mháthair.

'Creidim dá mbeadh go mbeadh, d'ainneoin na mban,' arsa an tseanbhean.

Leis sin anonn le m'athair go dtí an fhuinneog, gan focal a rá, agus thug anuas coróin Mhuire a bhí crochta ar thaobh an bhalla. Is minic a níodh sé seo i dtrátha am luí, nuair nach mbíodh toil don chomhrá aige. Ní thugadh sé fuagra ar bith uaidh, ach a ghabh-áil ar a ghlúine ag colbha na leapa, agus ba é an chéad rud a chluinfeá: 'Cuirimis sinn féin i bhfianaise Dé.' Leoga, b'fhurast a aithne ar a ghlór an oíche seo nach é sin an rud ba mhian leis a rá ar chor ar bith ach: 'Níl sibh gan comhrá agaibh os coinne páistí.'

Níor chuala mé scéal an tSagairt an oíche sin, nó go ceann dheich mblian ina dhiaidh sin, gur fhág mé aois an pháiste i mo dhiaidh agus gur thoisigh mé a ghabh-áil a dh'airneál tigh Nualaitín. Oíche amháin agus scaifte againn ag sníomhachán aici, mar Nualaitín, d'inis sí domh an méid atá 'fhios agam fá Shagart Éamoinn Sheáin Óig.

## 2

Bhí Éamonn Sheáin Óig lá de na laetha agus bhí dornán de rathúnas an tsaoil aige. Bhí siopa agus teach tábhairne aige agus leadhb bhreá thalaimh. Leoga, má bhí pingineacha airgid féin aige chan gan fhios dá cheithre cnámha féin a bhailigh sé iad. D'oibir sé as allas a mhalacha nuair a bhí sé óg. Rábálaí mór a bhí ann. Bhí sé ar a chois go moch is go mall, agus bhí lámh i gcuid mhór rudaí aige. Bhí a shliocht air: bhí sé ina shuí go te.

Triúr chlainne a bhí aige—beirt mhac agus iníon. Ba mhaith leis léann ag na mic, agus chuir sé chun na scoile iad. Ba chuma leis fán inín, sin nó mheas sé go mb'fhearr di mar a bhí sí.

'Nach é an leithcheal ar Bhríd bhoicht é,' arsa a bhean lá amháin le Éamonn. 'Ba chóir duit a cur cupla bliain go Leitir Ceanainn.'



'Níl sí ar deireadh,' arsa Éamonn, 'agus lán a craois a bheith aici lena solas, agus gan a bheith ag caint ar a cur go Leitir Ceanainn. Dá gcaitheadh sí a ghabháil go Leitir Ceanainn mar a chuaigh mise—a dhéanamh fostaithe ar aonach an tSeanbhaile i gceann m'ocht mblian, agus gan orm ach péire máirtín—bheadh a fhios aici goidé rud an saol, agus chan léann a bheadh ag cur bhuartha uirthi. Ar scor ar bith, níl mórán le gnóthú ar an chineál léinn a gheibh siad i Leitir Ceanainn. Sin beirt iníon an dochtúra atá ar shiúl le trí bliana, agus dheamhan má thig le ceachtar acu a inse duit cá mhéad pingin sa scilling.'

'Is cuma liom,' arsa an bhean. 'Ach is mór an difear atá tú a dhéanamh eadar í féin agus na gasúraí.'

'Tá rud agamsa fá choinne Bhríde,' arsa Éamonn, 'is fearr go mór ná an amaidí a theagascann mná rialta, mar atá puntaí breaca. Nuair a bheas Bríd apaidh chun comóraidh cuirfidh mise crudh léi nach mbíonn moill uirthi fear a fháil leis. I dtaca leis na gasúraí de, tá mé de gheall ar foghlaim mhaith a thabhairt dóibh, sa chruth is go mbeidh siad ábalta cuidiú liom biseach a chur ar na gnoithe seo atá eadar lámha agam. Is mór a choinnigh díobháil an léinn ar gcúl mé féin. Is minic a dúirt Ceon an Bhun Bhig liom dá mbíodh léann agam nach raibh a fhios cá háit a stadfainn. Sin an rud a bheir orm a bheith ag brath dornán airgid a chaitheamh leis na gasúraí.'

Bhí difear mór eadar beirt mhac Éamoinn Sheáin Óig. Bhí Donnchadh briscghlórach aigeantach agus gan ar a aird ach greann is cuideachta. Bhí Tarlach ciúin tostach—dúrúnta, dar leis an té nach raibh an aithne cheart aige air. Shíl bunús mhuintir an bhaile gur bródúil a bhí sé, cionn is é a bheith ina mhac ag toicí. Ach níorbh ea.

Nuair a bhí siad ar an scoil, bhí Donnchadh ina bhall mhór ag an chuid eile de na gasúraí. Duine aerach scailleagánta, a bhí ar bharr na gaoithe agus gan mórán ina cheann, a bhí ann. Bhíothas go maith

dó, mar a bhítear dá mhacasamhail i gcónaí. Ach Tarlach! Bhí sé ina éan chorr i measc na scoláirí. Níor ní leo é agus níor ní leis iad.

D'fhás sé aníos ina stócach. Ní raibh sé ag cur mórán suime san earradh a bhí a athair a dhíol is a cheannacht. B'fhearr leis ar shiúl leis féin fá uaigneas an chladaigh.

Lá amháin thoisigh Éamonn Sheáin Óig a dhéanamh gearáin lena mhnaoi fána mhac Tarlach. Bhí mothú feirge air. Shílfeadh an té a bheadh ag éisteacht leo gurbh í an mháthair ba chiontaí leis an stócach a bheith ag gabháil chun an drabhláis. B'fhéidir gurbh iad na leithscéalacha a bhí an bhean a ghlacadh a chuir an fhearg ar Éamonn.

'Ní dhéanfaidh sé lá de rath lena sholas,' arsa Éamonn. 'I ndiaidh an méid scoile a thug mé dó, ní thiocfadh leis a chuntas cá mhéad an gaimbín ar chéad mine buí ar thrí pingine an chloch.'

'B'fhéidir nach bhfuil a intinn leis,' arsa an bhean. 'Is minic a chuala mé an Sagart Mór á rá nár cheart tabhairt ar dhuine a ghabháil i gceann ceirde nach raibh toil aige di. Ag Dia atá a fhios goidé atá i ndán do Tharlach. Is minic a chuala mé é á rá gur mhaith leis a bheith ina shagart. Is cuimhin linn uilig an rud a dúirt sé an chéad Domhnach a rinne sé an tAifreann a fhriothálamh.'

'Char dhada beagán,' arsa Éamonn. 'Ba mhór is ba mhilis sin an phingin a bheadh a dhíth le sagart a dhéanamh de.'

'Is deise cabhair Dé ná an doras,' arsa an mháthair. 'Is mór an truaighe cúl a choinneáil air agus é i bhfách le bheith ina shagart. Is gairid a bheadh mo leanbh ag tabhairt isteach a bhris dá bhfaigheadh sé paróiste dó féin. An bhfeiceann tú Sagart Aindí Bháin thiar ansin? Nuair a tháinig sé amach as an choláiste bhí a mhuintir amuigh ar an doras le boichtineacht, nó deas go maith dó. Agus dearc ar a gcuid saibhris inniu!'

Rinneadh cuid mhór cainte fán scéal, agus d'imir


bean Éamoinn a cluiche féin go hiontach cliste. I gcónaí ag cur ar a shúile do Éamonn go mbeadh siad ar rothaí an tsaoil dá mbeadh Tarlach ina shagart. Ba é an deireadh a bhí air gur cuireadh an stócach chun coláiste nó go ndéantaí réidh é le cur go Maigh Nuad.

Ar feadh tamaill a chéaduair ní maith a bhí a fhios ag Tarlach goidé ab fhearr dó a dhéanamh. Ach as a chéile thoisigh a intinn a chlaonadh in aice na hEaglaise. Agus an ceart choíche, chan ag smaoineamh ar an Eaglais a bhí sé mar a bhí a athair sa bhaile—áit bhreá shócúlach ag ciotachán nach dtiocfadh leis a dhath eile a dhéanamh. Ba mhinic a smaoinigh Tarlach gur bheannaithe agus gurbh uasal an rud do dhuine a bheatha a chaitheamh i seirbhís Dé ina shagart. Ach an dtiocfadh leis a dhéanamh? Corruair shamhailtí dó go gcuala sé mar a bheadh scairt ann i bhfad uaidh—mar a bheadh glór le cluinstin aige, chóir a bheith chomh soiléir agus a chuala na hAspail féin é, ag iarraidh air cúl a chinn a thabhairt ar an tsaol agus aghaidh a thabhairt ar an tsíoraíocht. An dtiocfadh leis sin a dhéanamh? Ba é an bharúil a bhí aige go dtiocfadh. Ní bheadh moill air. Ní raibh aislingí meallacacha ar bith á chlaonadh ar shiúl ón altóir. Ní raibh an oiread sin áilleachta sa tsaol seo agus a bhí daoine a rá. Níor thuig sé cad chuige ar chan filí an domhain a oiread agus a chan siad fá áille an tsaoil. Ní raibh aislingí ar bith aigesean, anois le fada. Ó d'fhág sé ina dhiaidh aois an ghasúra, agus na bádaí beaga agus an chuid eile de na failleagáin, ní fhaca sé a dhath sa tsaol a mb'fhiú fanacht ina bhun. Saol fuar diolba dorcha a bhí ann. Saol nach mbeadh moill air cúl a chinn a thiontó leis.

Sa deireadh chuaigh sé go Maigh Nuad. Chaith sé seal bliana ansin agus tháinig sé chun an bhaile ar ais i dtrátha na Féile Eoin. Chaith sé bunús an tsamhraidh ag gabháil thart leis féin fán chladach. D'imigh sé i lár an fhómhair agus d'fhan ar shiúl bliain eile.

Ar a theacht ar ais dó an dara bliain, bhí cuid de na

seanmhná á rá go raibh siad ag aithne cuma sagairt ag teacht air. Bhíothas ag caint air oíche amháin a bhí scaifte ag airneál tigh Chonaill an Phholláin.

'Ar m'anam go bhfuil leiceann sagairt ag teacht air,' arsa Róise Dhiarmada.

'Is dubh sin ar d'anam,' arsa Seáinín Shéarlais.

'Níl a fhios agam an bhfuil aon dada beag eolais aige?' arsa Méabha Bhán.

'M'anam, má tá, gurb olc é féin fá dtaobh de,' arsa Liam Beag. 'Chuir mise ceist air anseo tá cupla lá ó shin—fear rua Thóin an Bhaile a thug domh féin í—agus, ar mo choinsias, má rinne sé ach draothadh gáire fúm. M'anam nach dearn sé Liam orlach níos críonna.'

'Nár dheas é a bheith ina shagart i Mín an Úcaire?' arsa Méabha Bhán. 'Bheimis breá dána le oifig a iarraidh air. I dtaca leis an fhear atá againn, bheadh sé chomh maith againn ministir Ard an Ghliogair a bheith againn leis, de thairbhe leigheas a dhéanamh do dhuine. Chuaigh mé chuige anseo anuraidh, nuair a bhí an bhruitíneach ar na páistí, agus d'iarr mé oifig air. An é do bharúil nár iarr sé orm deochanna teo a thabhairt dóibh—sú cál faiche agus rud—agus teas éadaigh a choinneáil orthu go dtigeadh sí amach orthu!'

'Beannacht Dé le d'anam, a Shagairt Óig Uí Dhónaill,' arsa fear an tí, 'mura leat a thiocfadh na míorúiltí a dhéanamh an lá a mhair tú!'

''Sheáinín,' arsa Méabha Bhán le Seáinín Shéarlais, 'nuair a bheas Tarlach Éamoinn ina shagart, ba cheart duit a iarraidh air a lámh a chumailt don chnapán sin ar do phluic.'

'Ó, go dté ordóg an bháis ar mo shúile,' arsa Seáinín, 'is ní ligfidh mé d'aon fhear de Chlainn Mhic Ruairí lámh a thógáil os mo chionn, nó níl dóchas ar bith agam astu.'

'Maise, go díreach, ó thrácht tú ar an chine,' arsa Siúgaí Ní Bhraonáin, 'tá sé canta go bhfuil an mhallacht sin ag siúl leo, agus nach dual d'aon fhear acu choíche a bheith ina shagart.'



'Ní fíor sin,' arsa Conall Phádraig Chondaí, 'nó chonaic mise sagart den chine i Meiriceá.'

'Níl a fhios agamsa, ach gur siúd an rud a chuala mé,' arsa Siúgaí.

## 3

Maidin dheas shamhraidh a bhí ann. Bhí Tarlach Éamoinn ag gabháil síos an dumhaigh, gunna ina láimh leis agus madadh lena chois. Bhí an sruth trá ag cartadh thart le gob na Reannacha, agus giotaí de chláraí agus dartáin mhóna ar an tsnámh, a tháinig anuas ó Bharr an Mhurlaigh. Bhí bád beag ag teacht anall ó Oileán an Fhíodóra agus gan inti ach duine amháin, agus an duine sin ag iomramh le dhá rámha. Cér bith a bhí ann, bhí cuma air go raibh a chroí aige, nó bhí sé ag gabháil cheoil. Nuair a tháinig an bád ní ba deise do Tharlach d'aithin sé gur bean a bhí inti, agus chuala sé an ceol ní ba soiléire. Agus a leithéid de cheol! Port éadrom aigeantach nár chuimhin leis a mhacasamhail a chluinstin riamh roimhe ag teacht as béal duine. Thug sé ina cheann an fhuiseog a bhíodh ag seinm in airde sa spéir ghoirm le héirí na gréine maidin shamhraidh.

Bhí sí ag tarraingt caol díreach air, mar bheadh sí de gheall ar a theacht i dtír i mbéal na trá. Bhí an sruth léi, agus ní raibh sí ag tarraingt ach corrbhuille le siúl a choinneáil ar an bhád.

D'iomair sí isteach ar an tanálacht nó gur shuigh an bád ar an ghaineamh, tuairim is ar fhichid slat ó bhéal na trá. Ansin lig mo chailín cóir a cuid rámhaí le ceathrú agus d'éirigh ina seasamh ag brath a ghabháil i bhfarraige agus siúl isteach ar an tráigh thirim. Nuair a thug sí a haghaidh ar an chladach chonaic sí an fear ina sheasamh os a cionn. Baineadh stad aisti, mar ba náir léi meallta a cos a nochtadh os a choinne.

'Fan mar atá tú,' arsa Tarlach, ag gabháil síos na

fargáin, 'agus tarrónaidh mise isteach thú. Caith an cábla tosaigh ionsorm agus luigh amach ar a ceathrú dheiridh.'

Chaith. Tharraing Tarlach isteach an bád go raibh a soc ar an tráigh. Aniar go toiseach leis an chailín agus tháinig de léim amach, chomh héasca le a bhfaca tú riamh. Bhí sí costarnocht. Thug Tarlach fá dear an cheannchosach bheag dheas choimir a bhí uirthi.

'An tú Tarlach?' ar sise. 'Tá tú ag gabháil as aithne na ndaoine.'

Ba í Síle an Fhíodóra a bhí ann, cailín a bhí ina cónaí thall ar Oileán an Fhíodóra agus gan aici ach í féin agus a hathair.

'Is mé,' ar seisean. 'Nach breá luath atá tú ar do chois?'

'Tá agam le a ghabháil go Loch Caol ar féarach leis an eallach inniu,' ar sise, 'agus tháinig mé fá choinne dornán earraidh a d'fhágfainn istigh ag m'athair sula n-imínn.'

'An dtéid tú suas leis an eallach 'ach aon samhradh?'

'Téim.'

'Nach gcaithfidh sé a bheith uaigneach agaibh ansin?'

'Cá háit? Loch Caol? Is é nach mbíonn uaigneach. Bíonn an dúscaifte againn thuas ar buailteachas. Muintir íochtar tíre uilig. Is againn a bhíos an chuideachta. Is é rud a bhíos cumha orainn ag teacht chun an bhaile dúinn i dtús an fhómhair. A dhuine, dá bhfeictheá an rud a bhíos sa Ghleann Mhór corrthráthnóna nuair a bhíos an t-eallach blite againn agus thig an Píobaire Rua agus thoisíos an damhsa!'

D'imigh sí suas an cladach, ag tarraingt ar an tsiopa, agus í chomh héadrom agus chomh haerach le gealbhan. Chuir sí iontas ar Tharlach. Ní raibh a fhios aige riamh go dtí seo go raibh duine ar bith ar an tsaol seo a bí i mbun a mhéide agus a bhí chomh croíúil aigeantach sin san am chéanna.

Nuair a tháinig sí ar ais chuidigh Tarlach léi a cuid earraidh a chur ar bord, agus sheasaigh sé tamall ag caint léi. Ba deas a bheith ag caint léi, a bheith ag amharc uirthi agus ag éisteacht léi. Thug sí i gceann Tharlaigh an saol a bhí ann nuair a bhí sé ina ghasúr bheag, nuair ba ghnách leis a bheith ag cur blaoscacha ruacán ar snámh ar an lán mhara. Agus rud ar bith a bhéarfadh an saol sin ina cheann bhí sé maith aige . . . Chuaigh Síle isteach sa bhád, shuigh ar na rámhaí agus d'imigh. Sheasaigh Tarlach ar an chladach ag amharc ar an árthach ag éaló trasna na báighe.



Ba deas an mhaidin a bhí ann.

Cupla lá ina dhiaidh seo thug Tarlach leis curach agus siúd anonn é go hOileán an Fhíodóra dh' iascaireacht. Glasáin a bhí sé a sheilg. Agus is cosúil go dearn sé dearmad go raibh sé buille luath go fóill fána gcoinne. Nuair a bhí sé tamall gan oiread is bruideadh a fháil, d'éirigh sé tuirseach. Chorn sé a ruaim agus siúd suas an t-oileán é. Oileán beag fann uaigneach a bhí ann, agus gan air ach cónaí amháin—teach an Fhíodóra Ruaidh. Shiúil Tarlach thart an t-oileán. Tháinig claochló ar an spéir, agus sa deireadh thoisigh an fhearthainn. Chuaigh Tarlach fá theach go ligeadh sé an cith thart. Bhí cuma uaigneach ar theach an Fhíodóra. Cisteanach bheag leathdhorcha agus seanduine lom liath ina shuí ar an tseol i gceann an tí. Bheannaigh sé do Tharlach fríd a fhiacla agus chrom sé ar a chuid oibre arís. Seanduine tostach a bhí ann. Seanduine a raibh dreach searbh air. Is fíor go sciordann éan as gach ealt. Ní raibh mórán cosúlachta eadar an seanduine seo agus a iníon, dar le Tarlach.

Nuair a rinne sé cineál turaidh d'imigh Tarlach. Bhí néalta troma dubha ag cruinniú os cionn na gnoc. Bhí deora fearthanna ag titim san fharraige chiúin agus ag déanamh fáinní beaga i gcraiceann an láin mhara. Tháinig dreach dorcha uaigneach ar bheanna an chladaigh. Bhí gach aon rud faoi smúid. Ach nár chuma? Ní raibh aige le caitheamh ann ach seal an tsamhraidh. Agus níorbh fhearr leis ar bith é.

Cupla lá ina dhiaidh seo bhí maidin bhreá ann.

Tharraing Tarlach air slat agus ruaim breac agus thoisigh sé a chur bala orthu.

'Shílfeá go bhfuil tú ag brath féacháil a chur ar na bric,' arsa a mháthair.

'Is doiligh a rá nó dhéanfaidh mé lámh níos fearr díobh ná a rinne mé de na glasáin,' arsa Tarlach.

'Is tú an chéad fhear riamh a chonaic mé ag tóraíocht glasán an lá seo den bhliain,' arsa an t-athair.

'Orú, goidé an chiall atá aige dóibh?' arsa an mháthair.

'Tá mé ag gabháil amach go Loch Caol,' arsa Tarlach, 'go ndéana mé lá iomlán ar na bric.'

'Tógfaidh sé cian díot, mura mbeadh ann ach é,' arsa an mháthair. 'Beidh ceapaire aráin choirce agus buidéal bainne réidh agamsa fá do choinne, a bheas leat mar lón.'

Níorbh fhada go raibh Tarlach réidh. Rug sé ar a shlait agus ar an bhascaeid agus d'imigh sé amach an sliabh ag tarraingt go Loch Caol. B'ann a bhí an mhaidin aoibhinn. Ar ndóigh, b'fhíor dá mháthair go dtógfadh sé cian de. Bhí sé ag titim i ndroimdubhach fán bhaile, gan le cluinstin aige ach a athair ag caint ar earradh nó ar airgead, nó Donnchadh ag rámhailligh fán tsaol réiciúil a bhí aige féin. . . . Loch Caol! Thuas ansin a bhí Síle an Fhíodóra ag baint fúithi. An gcasfaí air í? Ach, ar ndóigh, ní raibh lá dochair ansin. Dá mbeadh sé ina shagart dhéanta chasfaí mná air. Tharla ann agus níor tharla as iad, mar mhná, cibé acu le leas nó le haimhleas!

Tráthnóna bhí sé ag teacht aníos taobh an chnoic ó chladach an locha agus cupla doisín breac i mbascaeid leis, nuair a chuala sé an phortaíocht. Tógaidh sé a cheann agus tí sé Síle chuige agus gogán léi, ag gabháil a bhleaghan na mbó.

'Seo an áit a bhfuil tusa?' ar sise leis.

'Sea,' ar seisean. 'Mé i ndiaidh a bheith ag iascaireacht ó mhaidin. Tógaidh sé cian de dhuine corrthamall iascaireachta a dhéanamh. Nuair a bhíos aiste



mheasartha ar na bric cha chreidfeá ach an pléisiúr a bhíos iontu . . . Ag gabháil a chur an eallaigh chun an bhaile?'

'Ní hea,' ar sise. 'Bíonn siad amuigh go maidin againn na hoícheanna maithe seo. Ag gabháil á mbleaghan atá mé. Seo anuas an mhaol bhreac. Is í is críonna a chonaic tú riamh. Tá a fhios aici gur ag teacht á bleaghan atá mé. Bain tlámán feannáin domh mar a bheadh gasúr maith ann. Ní thugann an gadaí riabhach eile aon deor gheal uaithi gan cineál. Teith, teith, a mhaol bhreac,' ar sise, ag suí síos á bleaghan. 'Deasaigh ansin. . . . Coinnigh do ruball agat féin nó ceangólaidh mé é.'

Chrom Tarlach a bhaint an fheannáin. Dá bhfeiceadh a mháthair anois é, is í nach mbeadh sásta. Ábhar sagairt agus mac toicí mar a bheadh gasúr buachailleachta ann ag cailín nach raibh aon bhróg ar a cois. Ach goidé an neart a bhí aige air? Ní thiocfadh leis a diúltú agus an dóigh ar iarr sí air é. Ar scor ar bith, ba chuma—bhí sé cúig mhíle óna mháthair.

D'fhág Síle an gogán síos ar an talamh agus thoisigh sí a bhleaghan na bó lena dhá láimh, agus a phortaíocht san am chéanna. Thug Tarlach cluas don cheol. Thug an bhó féin cluas dó, nó sheasaigh sí go socair agus stad an longadán aici.

Bhí grian an tráthnóna ag luí siar in aice na mara agus loinnir de sholas órga á chaitheamh aici ar bharra na gcnoc. Shín Tarlach é féin ar a shleasluí sa fhraoch, agus d'amharc sé uaidh. Ar an taobh thoir de bhí Cnoc an Toir, agus an Sceardán mar a bheadh ribín geal bán ann ag sileadh anuas chun an locha. Bhí cuid tithe beaga aolnite Mhín Uí Bhaoill agus toit ag éirí díreach in airde astu, bhí sin ina gclibín amuigh thíos in íochtar an ghleanna.

'Ní raibh mé riamh roimhe an bealach seo,' ar seisean, 'nuair a bhíos muintir íochtar tíre abhus ar féarach. Goidé an cineál saoil a bhíos agaibh?

'Mh'anam go mbíonn saol greannmhar,' arsa Síle.

'Bhíomar ag damhsa ar Ard na Cruaiche aréir go raibh spéartha an lae ann. A leithéid de chuideachta is a bhí againn! Ní thiocfadh leat a shamhail a thabhairt dúinn ag damhsa le solas na gealaí ach na síogaíonna a mbíodh trácht orthu i gcuid scéalta Chathail Bháin nuair a mhair sé. Ba cheart duit a theacht aníos tráthnóna Dé hAoine seo chugainn. Tá an Píobaire Rua le a theacht ar ais.'

'Goidé a bheadh mo mhacasamhailse a dhéanamh ag teacht chuig damhsa?' ar seisean, go cineál truacánta.

'Is fíor duit sin, ar ndóigh,' ar sise. 'Rinne mé dearmad gur ábhar sagairt atá ionat. . . . Deasaigh; deirim leat.'

'Ach ábhar sagairt féin bíonn cluas aige do cheol, agus b'iontach mura mbeadh.'

'Nár dhúirt mé leat go gceangólainn do ruball mura gcoinnitheá go socair é. Na míoltóga an diabhail sin atá ag cur tochais inti.'

'Tá ceol deas agat, a Shíle.'

'Leoga, is furast mo mholadh.'

'Tá, bhail, gan bhréig gan mhagadh, ceol álainn agat. Nár fhéad tú an t-amhrán sin a rá a dúirt tú an mhaidin eile ag teacht trasna sa bhád duit? Ba mhaith liom a chluinstin arís. . . . Féacháil an rachadh agam an fonn a thógáil.'

'Cén ceann? *Nuala na gCuachann Péarlach*?'

Thoisigh sí. Amhrán croíúil aigeantach a bhí ann—ceann a rinne duine éigin nuair a bhí an saol mar d'iarrfadh a bhéal a bheith. Ní raibh ann ach gur chríochnaigh sí é nuair a thoisigh sí ar cheann eile—ceann a raibh cumha ann chomh domhain leis an fharraige mhóir. B'iontach an rud go dtiocfadh le duine amháin an dá chineál ceoil a ghabháil. Amhrán a bhí sa dara ceann a rinne file éigin, gan ainm gan iomrá, nuair a bhí a chroí ina chliabh ina ghual dhóite, nuair a fuair sé é féin scartha go héag óna rúnsearc agus gan fágtha aige ach cuimhne ar an chaint a dúirt sí leis



sular chuir sí séideog ar bhladhaire an ghrá agus sular chuir sí mo dhuine bocht ar an drabhlás fríd dhorchadas an tsaoil:

A Mháire an chúil daite 's an bhéilín bhinn,
Go dté mé 'dtalamh go mbeidh cuimhne agam ar do
　　chomhrá liom.

Thost sí nuair a bhí an t-amhrán ráite aici. Níor labhair Tarlach ach oiread. Bhí sé ag amharc ar an bhoin a bhí ag innilt ag a thaobh, agus ar an dóigh a síneadh sí amach a teanga leis an fhéar a chasadh isteach ina béal.

Ba í Síle an chéad duine a labhair.

'Is mithid domh a bheith ag baint an tí amach,' ar sise, ag breith ar ghogán an bhainne.

'Is maith mar atá an té a bhfuil conablach chúig míle le siúl aige,' arsa Tarlach. 'Ach ní iarrfadh duine a ghabháil fá chónaí go maidin oíche den chineál seo.'

D'imigh Síle trasna taobh an chnoic. Thóg Tarlach a shlat iascaireachta agus thug sé aghaidh ar an bhaile. Chuaigh an ghrian a luí. Tháinig cnap de cheo bhán samhraidh aniar an gleann agus luigh sé mar a bheadh fallaing ann ar ghuailleacha an Ghrugáin. Shiúil Tarlach leis anuas fríd an fhraoch agus fríd an chanach. Thoisigh na réaltaí a bhreacadh na spéire. D'éirigh gealach iomlán, a raibh dath uirthi mar bheadh pingin úr ann, d'éirigh sin aníos go státúil as cúl an Eargail, agus dar leat gur chaith sí seal tamaill ina suí ar fhíorbharr an chnoic. Bhí scáile na gréine san fharraige amuigh ag bun na spéire, mar a bhíos oícheanna deasa samhraidh.

Bhí an saol fá chónaí nuair a bhain Tarlach an baile amach. Ní raibh deifre ar bith chun an tí air i ndiaidh a theacht an fad sin. Sheasaigh sé ar an ard ag amharc síos ar mhéilte geala na Trá Báine. Bhí ciúnas iontach ar muir agus ar tír. Bhí ballaí an tí geal bán agus na fuinneoga dubh mar a bheadh súile an daill ann.

Fá dheireadh chuaigh Tarlach fá theach agus chuaigh a luí. Bhí sé ag amharc ar an ghealaigh fríd an fhuinneoig agus ar na deora miona driúchta a bhí ag sileadh anuas ar an ghloine.

Cupla lá ina dhiaidh seo dúirt sé go raibh sé ag gabháil a dh'iascaireacht arís.

'Maise,' arsa an t-athair, 'ní mó ná gur fiú do shaothar é, ar feadh a mbeidh de abhras leat teacht na hoíche . . . Do do mhaslú féin ó seo go Loch Caol mar mhaithe le cupla doisín breac.'

'Chan ar mhaithe leis na bric go hiomlán,' arsa Tarlach. 'Ach is breá an caitheamh aimsire é.'

D'imigh sé. Bhí lúcháir air ag gabháil suas an sliabh dó—lúcháir mar a bhíos ar dheoraí nuair a bheir sé aghaidh ar an bhaile agus cúl a chinn leis an choigrích. Thuas ansin i gcúl an Ghrugáin bhí saol aoibhinn. Abhus a chois cladaigh bhí saol uaigneach. Ag gabháil trasna ag Léim an tSionnaigh dó, bhuail smaoineamh gasta isteach ina cheann é. Sheasaigh sé bomaite beag. Chonacthas dó gur chuir rud éigin ceist air cá raibh a thriall. 'Ag gabháil a dh'iascaireacht,' ar seisean, agus bhog leis.

Casadh Síle arís air. Bhí a gruaig ní ba trilsí agus ní ba loinnirí ná a bhí sí riamh roimhe sin. A béal ní ba deirge. A déad ní ba ghile. A súile ní ba ghoirme. A gruaidh ní ba solasta. A gáire ní ba tarrantaí. A glór ní ba chealgaí. D'amharc sé uirthi ar feadh tamaill bhig agus í ina luí ar a sleasluí sa fhraoch. Chonaic sé a brollach ag éirí agus ag titim, mar a bheadh tonn ann, le tarraingt a hanála.

Ní raibh Tarlach ag labhairt. An méid a bhí le rá fán aimsir bhí sé ráite fiche uair.

Sa deireadh, ar seisean, 'Nach coimir an ceann láimhe atá ort? Fan go bhfeice mé an bhfuil saol fada i ndán duit . . . Tá, leoga, saol mór fada. . . . Sin ansin an stríoc. Tá croí fial agat . . . croí fial fairsing. Fan go bhfeice mé. Mh'anam gur fíor é.

'Goidé rud atá fíor?'



'Tá, go bpósfar thú.'

'Shíl mé nach gcreidfeadh do mhacasamhailse sa chineál sin pisreog.'

'Ní pisreoga ar bith é,' ar seisean, agus thoisigh sé a chomhrá léi agus greim láimhe aige uirthi. Ach ba ghairid go raibh deireadh ráite agus fágadh ina thost arís é. D'amharc sé anonn ar a béal coimir. Ba léir dó an séanas a bhí ina cláirfhiacla. Dhruid sé léi agus phóg sé í . . . Arís agus arís eile.

'Tá an iascaireacht ag gabháil go maith duit,' a deireadh a mháthair leis. 'Ní fhaca mise i do Tharlach riamh thú mar atá tú ó thoisigh tú a ghabháil go Loch Caol.'

Thoisigh Tarlach a mheabhrú ina chroí. Bhí sé cinnte dearfa anois go mb'fhearr leis gan a bheith ina shagart. Gur dheise go mór an saol a bhí ag tuata. Ach, ar ndóigh, sin mar ba mhó a bhí luaíocht fána choinne. Má b'uasal an rud a bheatha a chaitheamh i seirbhís Dé mar shagart, b'uaisle míle uair é nuair a bhí saol cealgach á mhealladh chuige féin. Nárbh é sin an chiall a bhí leis an tSoiscéal a bhí sé ag gabháil a theagasc don phobal. An Soiscéal sin a mhair dhá mhíle bliain. An glór sin a chluintear ó am go ham os cionn an chuid eile de scolgarnach amaideach an tsaoil. Iompair do chroich agus lean mé!

Ach bhí taobh eile ar an scéal. B'fhéidir gur aingeal coimhdeach na láimhe deise agus nach ainspiorad na láimhe clí a bhí á tharraingt ar shiúl ón Eaglais. B'fhéidir nach raibh sé i ndán dó a bheith ina shagart. B'fhéidir gurbh fhíor an tairngreacht sin fán chine. Agus i ndiaidh an iomláin ní de thoil shaor a chuaigh sé go Maigh Nuad ar tús. San am a deachaigh sé shíl sé an saol a bheith fuar searbh nimhneach. Ba é rud a bhí sé ag teitheadh roimhe. Díobháil eolais a bhí air. Fuair sé amach ó shin gurbh é an saol breá aoibhinn é agus, mar a dúirt an duine aosta, gurbh fhiú don óige a bheith beo. Ach, a Dhia dhíleas, nár mhairg nach

raibh a fhios sin aige cupla bliain ní ba luaithe! Mhuirfeadh a mhuintir é. Ní bheadh tógáil a gcinn acu choíche.

Bhí an lá ag tarraingt air ar cheart dó imeacht ar ais go Maigh Nuad. Fiche uair tháinig sé chun an bhéil chuige a rún a ligean lena mháthair, ach ní thiocfadh leis. Sa deireadh chuaigh aige a intinn a nochtach.

Ní raibh ann ach nár thit a mháthair bhocht as a seasamh nuair a chuala sí an scéal.

'Chluin Dia féin seo,' ar sise, nuair a fuair sí an anáil léi. 'Nach bhfuil a fhios agat nach dtig leat náire shaolta a thabhairt dúinn? Ag brath gan tógáil ár gcinn a bheith go deo againn?'

'Níl neart agam air, a mháthair.'

'Ní bheidh mé beo mí ó inniu, agus fágaim mo bhás ort, a mhic.'

'Ní thig liom, a mháthair, ní thig liom.'

Thoisigh sí a bhlandar leis.

'Níl anseo ach tallann,' ar sise. 'Cluinimse go dtig sin uilig orthu. Ach ní mhaireann sé ach cupla lá. Ní bheidh tú seachtain sa choláiste go mbí d'intinn chomh socair is a bhí sí riamh.'

Níor chodail an mháthair aon néal an oíche sin. Nár thrua í, agus nár róthrua? Agus an t-ábhar gáire a bheadh ag na comharsana orthu! Agus an dóigh a mbeadh na seanmhná ag cúlchaint orthu! Nárbh é seo an ola ar a gcroí? Ó, a Dhia! An dóigh a mbeadh sean-Siúgaí liath na máirtín ag crothadh a cinn agus ag rá go raibh a fhios aicise nach mbeadh aon fhear den chine choíche ina shagart. An dóigh a mbeadh Nóra Anna Óige agus Peigí Tharlaigh Dhuibh agus an chuid eile de na mná a bhíodh thíos in áit na leathphingine i dteach an phobail, an dóigh a mbeadh siad ag bruideadh a chéile go droch-chroíoch agus ag gáirí go tarcaisneach nuair a bheadh sí ag gabháil suas fríd an phasáid Dé Domhnaigh!

Ar maidin an lá arna mhárach d'éirigh sí agus níor stad sí go raibh sí ag sagart na paróiste. 'A Shagairt



Mhóir, a Shagairt Mhóir,' ar sise, 'tráthnóna aréir a fuair mise an deoch a bhí searbh,' ag toiseacht agus ag inse an scéil dó. 'A Shagairt Mhóir, agraim sibh a ghabháil agus comhairle a chur air.'

'Is mó atá comhairle a dhíth ort féin,' arsa an sagart. 'Gabh chun an bhaile agus bíodh ciall agat. Nach bhfuil a fhios agat nach mbíonn duine ar bith ina shagart ach an té ar ordaigh Dia dó é?'

D'imigh sí agus a croí á réabadh. Nárbh é Dia a bhí crua-chroíoch, dar léi. Ní fheicfeadh sí a mac choíche ag léamh a chéad Aifrinn ar altóir Mhín an Úcaire agus an pobal ag gabháil ar a nglúine lena bheannacht a fháil, mar a chuaigh siad nuair a tháinig mac Chonaill Bháin amach ina shagart. Ach goidé mar thiocfadh léi an scéal náireach a cheilt tamall eile? Chuaigh sí isteach tigh an dochtúra.

'Tarlach,' ar sise, 'a bhfuil casachtach ag leanstan dó. Gabh síos go bhfeice tú é. Caithfidh an duine bocht imeacht gan mhoill.'

Nuair a tháinig sí chun an bhaile d'inis sí an scéal do Tharlach. 'Abair leis go bhfuil casachtach ort agus go bhfuil do ghoile caillte agat.'

D'amharc Tarlach go míshásta uirthi, mar bheadh sé ag brath a rá léi nach raibh sa chineál sin oibre ach amaidí. Ach ina dhiaidh sin, dar leis go dtug sé crá croí mór go leor di agus go raibh sé amuigh aici an t-ualach a dhéanamh éadrom di.

'An aon duine atá tinn agaibh?' arsa bean na comharsan, a chonaic an doctúir ag teacht is ag imeacht.

'Tarlach bocht,' arsa bean Éamoinn Sheáin Óig.

'Mo thruaighe! An a dhath tobann a tháinig air?'

'Tá casachtach air le fada, agus ar siocair go raibh sé ag brath imeacht Dé Luain d'iarr an t-athair an dochtúir a thabhairt chuige. Goidé deir an doctúir ach go bhfuil sé mhí de scíste a dhíth air. Táimid maith go leor nach dtug mo leanbh a bhás féin. D'imeodh sé Dé Luain gan dada a ligean air. Bíonn a gcroí briste

os cionn leabhar, na créatúir. Ní bhíonn ciall ag ár macasamhail-inne dó.'

'Nach tútach mar d'éirigh do ábhar an tsagairt?' arsa Nualaitín le Liam Beag, cupla seachtain ina dhiaidh sin.

'Róchúramach atá sé acu,' arsa Liam. 'Á choinneáil sa bhaile ar mhaithe le gloim chasachtaí! Tá casachtach ormsa ó rinne slat cóta domh agus b'éigean domh mo chuid a shaothrú as allas mo mhalacha, agus gan duine le truaighe a dhéanamh díom.'

'Maise, mura leamh atá do cheann ort, a Liam,' arsa Nualaitín. 'An é nach gcuala tú an scéal?'

'Goidé an scéal, a Nuala?' arsa Liam.

'Tá, a rún,' arsa Nualaitín, 'scéal a chluinfeas tír is cheilfeas muintir ... Tá breoite! Mo chreach gan mise nó tusa chomh folláin leis. Is é atá ina shláinte, agus croíúil aigeantach fosta. Dá bhfeictheá i gceann céasla é ní abrófá go raibh sé breoite. Chuaigh sé trasna chun an Oileáin Ghlais tráthnóna an lá fá dheireadh in éadan géarbhaigh a bhéarfadh lán a chraicinn do Eoghainin Shéarlais nuair a mhair sé.'

'Goidé a bhíos sé a dhéanamh thall ar an Oileán Ghlas?' arsa Liam.

'Tá, maise,' arsa Nualaitín, 'an rud a bhí fiche fear chomh maith leis a dhéanamh—i ndiaidh ban. Tá sé sa chéill is aigeantaí ag Síle an Fhíodóra.'

'Tím, leabhra,' arsa Liam Beag. 'Ach, ar ndóigh, tá sé canta riamh anall nach mbeadh aon fhear den chineadh ina shagart. M'anam gur deacair a ghabháil taobh na gaoithe ar an tairngreacht. Is deacair, mo choinsias!'

## 4

Chuaigh bliain thart agus stadadh den chaint ar Tharlach. Ní raibh ann ach go dtugtaí 'an Sagart' mar



leasainm air, agus bhí cuma air go leanfadh an t-ainm céanna dó lena sholas. Bhí sé féin agus Síle chomh doirte dá chéile agus nach raibh léamh nó scríobh nó inse béil air. Bhí an cineál sin grá acu ar a chéile a chuireas duine a shiúl leis féin in uaigneas sléibhe.

Ba mhaith leo pósadh. Agus ní bheadh moill orthu sin a dhéanamh dá mbíodh slat na draíochta acu a bhí ag na lánúineacha a raibh trácht orthu i gcuid úrscéalta mo mháthara móire. Nuair a thiocfadh ocras orthusan ní bheadh le déanamh acu ach adharc a tharraingt as an tarbhán bheag agus bheadh bord bídh agus dí acu. Thiocfadh leo fáir a dhéanamh i gcanach an tsléibhe san oíche agus titim ina gcodladh inti agus mhusclódh siad ar maidin i gcaisleán shaibhir. Is furast do na síogaíonna cleamhnas a dhéanamh: ní thig gnoithe cruidh isteach sa scéal ar chor ar bith. Ach abhus anseo, sa ghleann ghortach seo, nuair a théid an chúis go cnámh na huillinne, caithfear smaoineamh ar an airgead. 'Pleoid ar an airgead, is é an fear cleasach é.' Is iomaí cumann riamh a chuir sé síos is suas.

Ní raibh áit suí ar bith ag Tarlach, agus ní raibh gar dó a bheith ag dúil le cuidiú óna athair. Barraíocht a bhí caite ag an athair leis, ar feadh ar ghnóthaigh sé air. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ag Tarlach ach imeacht go Meiriceá agus dornán airgid a shaothrú. Ansin a theacht chun an bhaile agus Síle a phósadh.

An tráthnóna sular imigh sé, chaith sé féin agus Síle tamall mór fada ina suí ar ardán os cionn na farraige. Bhí cineál de chuma ghruama ar an tráthnóna, mar a bheadh báisteach air. Thug Síle iarraidh an gol a choinneáil ar gcúl fad agus thiocfadh léi, ach bhris na deora uirthi sa deireadh.

'Seo anois, ná caoin, a chéadsearc,' ar seisean. 'Is gairid uilig a bheas cúig bliana ag gabháil thart.'

'B'fhearr liom a bheith leat fann folamh mar atáimid,' ar sise, agus gach aon smeach aici, 'agus a chead againn a ghabháil i gceann an tsaoil i gcuideachta a chéile ... Is iomaí áthrach a thig ar feadh

chúig mblian . . . B'fhéidir gur . . .'

'Abair é,' ar seisean. 'Gur dearmad a dhéanfainn díot.'

Theann sé lena chroí í agus phóg sé a béal. Chuir sé a gruaig siar as a súile agus thriomaigh sé na deora dá haghaidh.

'Mise dearmad a dhéanamh díotsa, a Shíle,' ar seisean, 'i ndiaidh mé cúl mo chinn a thiontó ar an Eaglais mar mhaithe leat! I ndiaidh mé náire a thabhairt do mo mhuintir agus croí mo mháthara a bhriseadh, agus an t-iomlán de sin a dhéanamh ar do shonsa! A rá 's de anois go síleann tú go ndéanfaidh mé dearmad díot le linn imeacht as d'amharc tamall beag! Mar a dúirt tú féin go minic san amhrán, go dté mé i dtalamh go mbeidh cuimhne agam ar do chomhrá liom. Fad agus bheas uisce aníos agus síos Gaoth Dobhair ní dhéanfaidh mise dearmad díotsa. Sin anois gealltanas agat. Am ar bith a dtiocfaidh cumha ort amharc amach ar bharra Ghaoth Dobhair agus cuimhneoidh tú ar mo ghealltanas. Dá mbínn ar shiúl céad bliain, dá mbíodh mná na cruinne le fáil agam, thiocfainn ar ais chugatsa. Níl ar an domhan ach aon bhean amháin, agus sin thusa, a Shíle. Aon bhean amháin. Aon bhean amháin!'

Ní thiocfadh leis ní ba mhó a rá—lena theanga. D'fháisc sé lena bhrollach arís í, agus d'imigh sé.

Bhí sé ag gabháil ó sholas nuair a bhain Síle an baile amach. Níor chuimhneach léi go bhfaca sí riamh roimhe an dreach uaigneach a bhí ar an fharraige agus ar charraigeacha an chladaigh.

## 5

Bhí Saildí Mhór ina conaí i Philadelphia. B'as na Rosa Saildí, agus théadh cuid mhór de mhuintir na háite s' againne a bhí sa chathair ar cuairt chuici ó am go ham. Bhí a teach mar theach aitheantais acu, go háirid i ndiaidh a ghabháil anonn. Ba ag Saildí a bhí Tarlach ar ceathrúin. Bhí sé ansin le leathbhliain agus é ag obair leis, agus ag sábháil a shaothraithe go críonna tábhachtach, agus ag cuntas an ama go mbíodh sé ag gabháil chun an bhaile.



B'uaigneach an saol a bhí aige sa chathair choimhthígh seo. Is minic a thug bean an tí comhairle dó—comhairle a leasa, dar léi féin.

'Ní fhaca mé do thrí leithéid riamh,' ar sise leis lá amháin. 'Ag gabháil thart ansin i do bhéal gan smid, mar a bheadh fear ann nach mbainfeadh is nach gcaillfeadh, nuair ba cheart duit a ghabháil amach fríd dhaoine agus gan a bheith ag titim i ndroimdubhach mar atá tú. Ach fan go bhfeice tú an scaifte de chailíní deasa a bheas agamsa fá do choinne Oíche Fhéil' Pádraig. Cuirfidh mé do rogha geall go mbeidh tú ag briseadh na gcos ina ndiaidh.'

Saildí bhocht, nárbh amaideach an tseanbean í a shíl go mbrisfeadh seisean a chosa i ndiaidh mná ar bith agus céadsearc a chléibh thall úd ar Oileán an Fhíodóra ag fanacht leis? Ach ní raibh ciall aici, mar Shaildí. Seanbhean den tseandéanamh a bhí inti, a tháinig i méadaíocht in aimsir na gorta agus a mb'éigean di an baile a fhágáil ag teitheadh roimh an ampla agus roimh an ocras. Ní raibh a fhios aici goidé rud grá. Phós sí fear cionn is go raibh teacht isteach maith aige. Ach ní fhaca sí an ghealach, mar a chonaic seisean í, ag éirí os cionn Lios na Sí oíche fhómhair!

Oíche Fhéil' Pádraig, ar a theacht isteach do Tharlach fuair sé lán an tí istigh roimhe. Muintir na Rosann agus Ghaoth Dobhair a mbunús, agus iad ag comhrá i nGaeilge. Bhí cailín amháin ina suí sa choirnéal ab faide ar shiúl den tseomra. D'amharc Tarlach uirthi. Baineadh cliseadh as. Thug sé coiscéim anonn ina haice. Baineadh stad as.

Níorbh í a bhí ann.

'Bhail,' ar seisean le bean an tí, 'níl ach a rá nach mbíonn an chomhchosúlacht ann. Shíl mé, ag teacht

isteach domh, gurbh í sin thall cailín a raibh aithne agam sa bhaile uirthi—iníon don Fhíodóir Rua, má bhí aithne agat air.'

'Cén bhean atá tú a rá?'

'Í sin thall sa choirnéal.'

'Sin cailín as Condae an Chabháin. Máire Ní Raghailligh a hainm is a sloinneadh. Chugainn go gcuire mé in aithne dá chéile sibh.'

Ní fhaca Tarlach a dhath riamh a chuir a oiread iontais air leis an chosúlacht a bhí eadar cailín Chondae an Chabháin agus Síle an Fhíodóra. A méid agus a cruth. A deilbh agus a dreach. A gnúis agus a gné. Agus gan fiú glór a cinn. Chaith Tarlach seal fada ag comhrá léi. Nár mhaith ina aice í le cian a thógáil de? Pioctúir Shíle, agus an pioctúir ag caint is ag comhrá leis.

Casadh an dís ar a chéile arís an tseachtain sin a bhí chucu. Ba ghairid ina dhiaidh sin go deachaigh Tarlach d'aon ghnoithe dh'amharc uirthi tráthnóna amháin. Thoisigh an chumha dh'imeacht de. Ní bheadh moill air anois an chuid eile den am a chur isteach ar an choigrích. Fá cheann ráithe eile dar leis go raibh saol breá aige. Bhí sé ag smaoineamh gur chóir dó Síle a thabhairt anonn nuair a bheadh dornán airgid cruinn aige, go mb'fhearr é go mór ná baint fúthu ar ghiota caoráin sna Rosa.

An dara hOíche Fhéil' Pádraig bhí damhsa ag scaifte de na hÉireannaigh. Chóirigh Tarlach é féin go hinnealta an oíche sin. Ní raibh sé i bhfad i dteach an damhsa go raibh sé ar an urlár. Ba í Máire Ní Raghailligh a bhí leis. Bhí an ceol ar an cheol ab fhíor-dheise a chuala sé méara a bhaint riamh as téada. Ba deas an cailín Máire Ní Raghailligh, agus b'innealta a bhí sí cóirithe fána culaith de shíoda gheal. Agus nár ghile ná sin a muineál agus an giota beag dá brollach a bhí ris? Bhí Tarlach ag amharc isteach san aghaidh uirthi agus iad ag éaló thart an t-urlár. Bhí sí lán ní ba deise ná Síle an Fhíodóra. Bhí a lámha ní



ba bhoige agus ní ba ghile. A súile ní ba loinnirí. Glór a cinn ní ba bhinne. Agus ansin an aoibh tharrantach a bhí uirthi.

An raibh sé ceart aige fáras a thabhairt do na smaointe seo ina chroí? An raibh sé mí-ionraic aige bean eile a chur i gcosúlacht agus i gcomórtas le Síle? An raibh na súile gorma seo á tharraingt ar bhealach a aimhlis? 'Á, beidh an oíche anocht agam,' ar seisean ina intinn, 'déanadh an lá amárach a rogha rud. Mar a dúirt an fear a dúirt é, cé haige a bhfuil a fhios nach dtiocfaidh deireadh an tsaoil roimh mhaidin?'

Ní tháinig deireadh an tsaoil an oíche sin. Ach tháinig spéartha fuara na maidine agus thoisigh smaointe géara goirte a theacht fríd cheann Tharlaigh. Ó, 'Dhia, nár thrua é! Nár mhairg a thug gealltanas pósta do Shíle an Fhíodóra! Ní raibh inti ach cailín beag tuatúil le taobh Mháire Ní Raghailligh. Ní raibh léann ná foghlaim ag Síle. Ní raibh ciall aici do a dhath ach bád a iomramh trasna na báighe nó eallach a chur chun an chnoic ar féarach. Goidé mar thiocfadh leis a ghabháil chun an bhaile agus toiseacht a chur giota beag talaimh sna Rosa? Agus goidé mar thiocfadh leis Síle a thabhairt anonn? Ansin smaoinigh sé ar an ghealltanas a thug sé di. Fad is bheadh an lán mara aníos is síos Gaoth Dobhair. Amanna deireadh sé leis féin go ndéanfadh sé a ghealltanas a chomhlíonadh, go bpósfadh sé Síle, agus a chead aige a cheilt uirthi choíche go raibh a chroí gonta ina lár ag mnaoi eile. Ar ndóigh, ba é seo an Soiscéal i rith an ama. Bhéarfadh Dia a luach dó dá gcuireadh sé smacht ar a mhian féin mar mhaithe le duine eile. Ach ansin thigeadh taom de phian intinne air a bhí uafásach go deo.

Sa deireadh rinne sé amach gur rud a bhí ann nach dtiocfadh leis a dhéanamh, bean a phósadh in éadan a thola. Ó sin ní ba mhó fuair sé faoiseamh. Cé go dtigeadh Síle ina cheann go minic, agus go raibh sé buartha cionn is go mb'éigean dó a tréigbheáil, is é rud a bhí sé a rá leis féin gurbh amaideach an rud dó a

shamhailt go dtiocfadh leis a shaol a chaitheamh le mnaoi nach raibh a thoil léi, agus cúl a chinn a thabhairt ar an ainnir ba deise ar dhroim an domhain.

'Tá leitir ar an Bhun Bheag fá do choinne,' arsa bean na comharsan, cupla seachtain ina dhiaidh seo, le Síle.

Ar maidin an lá arna mhárach tháinig bád beag anall an gaoth agus cailín óg inti agus í ag gabháil cheoil. Bhí sí ar a bealach chun an Bhun Bhig, mar Shíle. Bhí a fhios aici gur ó Tharlach an leitir a bhí ansin fána coinne. Fuair sí an leitir agus thug a haghaidh ar an bhaile. B'fhada léi nó go mbeadh sí ar ais go dtugadh sí an leitir le léamh don ghasúr bheag ar lig sí a rún leis agus ar cheannaigh sí fideog dó as a choinneáil go dlisteanach.

Léigh an gasúr an leitir.

Síle bhocht! bheadh truaighe ag clocha an talaimh di nuair a fuair sí an scéal cráite. Chaoin sí uisce a cinn. Dá mba dual do chroí duine briseadh le buaireamh, bhrisfeadh croí Shíle an lá sin. Ach níl sé chomh furast sin croí an duine a réabadh, agus ní thugann an buaireamh ach a sheal. Míle altú do Dhia ar shon a mhórmhíorúiltí, fuair Síle biseach as a chéile. Cupla bliain ina dhiaidh seo tháinig Eoghan Cheann an Locha go hOileán an Fhíodóra dh'iarraidh mná. Bhí giota beag lách talaimh aige, mar Eoghan, agus bhí sé féin críonna bláfar. Agus ar an ábhar sin ní raibh doicheall ar bith ar an Fhíodóir Rua roimhe mar chliamhain. Ansin, bhí sé ina bhuachaill chothrom tíre, agus gan míghnaoi ar bith air, agus ní raibh a dhath ina éadan ag Síle mar chéile. Pósadh iad agus thug siad saol mór fada leo. Chuir siad san earrach agus bhain siad san fhómhar. Thóg siad a dteaghlach agus bhain siad a seal as an tsaol.

Ach is ar Tharlach a tharraing mé an scéal. Bhí sé sa chéill ab aigeantaí ag Máire Ní Raghailligh. Ach, ar dhóigh éigin, ní raibh dul aige mórán talaimh a dhéanamh di. Shíl sé ar tús nach mbeadh moill air. Ach ba



ghairid go bhfaca sé nach raibh an scéal ar aghaidh boise aige. Bhí Máire mar a bheadh rud éigin eile ar a hintinn. San am ba mhó a mbeadh fonn ar Tharlach rún a chroí a ligean léi thigeadh tallannacha tostacha gruama uirthi, mar a bhéarfadh a chuid cainte aislingí os a coinne a raibh sí ag iarraidh dearmad a dhéanamh díobh. Ach, san am a bhí ann, ní raibh cumann ar bith eadar í féin agus fear eile. D'inis Saildí Mhór an méid sin dó, agus bhí Saildí feasach.

Sa deireadh, dar le Tarlach nach raibh rud ar bith ab fhearr dó a dhéanamh ná ceiliúr pósta a chur uirthi. Má iarann tú ar chailín a theacht amach leat a shiúl faoin ghealaigh, féadann sí gáire magaidh a dhéanamh fút agus do chur ó dhoras le leithscéal. Ach má chuireann tú ceiliúr pósta uirthi, gan dhá leath a dhéanamh den fhocal, cuirfidh tú a mheabhrú ina croí í agus caithfidh sí freagra a thabhairt ort.

Dhiúltaigh sí é. Ansin thost sí tamall beag. B'fhéidir gur truaighe a bhí aici dó a thug uirthi tuilleadh a rá. B'fhéidir gur áimear a bhí ann aici labhairt arís ar rud a bhí ar a croí le fada agus a choinnigh sí ceilte leis na blianta, díobháil nach raibh aon duine aici lena gearán a dhéanamh leis.

'A Tharlaigh,' ar sise, 'casadh ar a chéile sinn rómhall sa tsaol fána choinne sin ... Bhí mo sheal féin agamsa agus, leoga, seal beag dona. Ní chreidim go bhfuil sé i ndán domh titim i ngrá an dara huair.'

Bhí deora i súile na beirte nuair a scar siad ó chéile. D'imigh sí agus d'fhág sí Tarlach leis féin agus, mar a dúirt an duine aosta, an saol ina smionagar ar gach taobh de. Chuaigh sé chun an donais agus chun an drabhláis. Ní raibh an dara háit aige, dar leis, le dearmad a dhéanamh de bhuaireamh an tsaoil seal tamaill ach i dteach an óil. D'ól sé agus cheol sé nó go raibh an phingin dheireanach dá shaothrú caite aige. Ansin b'éigean dó a ghabháil a chuartú oibre. D'imigh sé leis ar an tseachrán fríd an tsaol. Is iomaí maidin léanmhar agus oíche ghortach a chonaic sé ó sin go dtí

an lá a thug sé aghaidh ar Éirinn, corradh le fiche bliain ina dhiaidh sin.

## 6

Nuair a bhí Éamonn Sheáin Óig ar leaba a bháis rinne sé tiomna.

'Tá mé ag fágáil an méid atá agam ar an tsaol ag mo mhac, Donnchadh,' ar seisean, 'uilig ach an giota beag caoráin atá i mbarr an ghleanna. Tá mé á fhágáil sin ag an ruagaire reatha a d'imigh uainn fada ó shin, cér bith áit a bhfuil an sompla bocht. Tarlach atá mé a mhaíomh. Mura dtige sé bíodh an t-iomlán ag Donnchadh . . . Leoga, níorbh é mo chomaoin a dhath a thabhairt dó, mar Tharlach, nó níor ghnóthaigh mé aon phingin riamh air. Ach is é mo mhac i gcónaí é, agus níor mhaith liom mo dhuine clainne bás a fháil i dteach na mbocht.'

Ní tháinig Tarlach ar ais go raibh an saol ag teannadh air. Ansin ba mhaith áit bheag ar bith lena cheann a leagan. Rinne sé cró beag tí i mbarr an ghleanna agus chuaigh a chónaí ann.

Bhí sé ansin leis féin ina sheanduine chorr chianach. Ní dhéanadh sé mórán airneáil ná cuartaíochta. Is minic a chuir páistí an bhaile sonrú sa dóigh a seasaíodh sé tráthnóna samhraidh os cionn Lios na Sí ag amharc ar an tsruth trá ag gabháil síos ag Oileán Muiríní. Agus is minic a d'éist siad oícheanna ciúine fómhair nuair a bhíodh siad ag gabháil thart leis an teach, is minic a sheasaigh siad ag éisteacht leis an drandán chumhúil ceoil a bhíodh aige:

A Mháire an chúil daite 's an bhéilín bhinn,
Go dté mé 'dtalamh go mbeidh cuimhne agam ar do
chomhrá liom.

# MÁNUS Ó SÚILEACHÁN

## 1

Níorbh é sin a ainm ar chor ar bith. Micheál Ó Gallchobhair ab ainm is ba shloinneadh dó, an té a bhéarfadh a cheart dó. Lucht na drochtheanga agus an droch-chroí a thug an leasainm air. Agus sin ábhar mo scéil.

Seo mar a tharla sé. Bhí gréasaí ina chónaí ar an tSeanbhaile i Leitir Ceanainn dárbh ainm Mánus Ó Súileachán. Chuaigh mo Mhicheál cóir go Leitir Ceanainn agus fuair péire de bhróga Domhnaigh déanta ag Mánus. Ba iad seo bróga an phósta. Bhí lámh is focal eadar Micheál agus Róise Sheáin Nualann as Droim na Ceárta, agus bhíothas lena bpósadh fá cheann chupla mí. Agus bhí áthas an tsaoil ar Mhicheál go raibh. Ba mhaith leis fios a bheith ag an tsaol mhór go raibh sé féin agus Róise ag gabháil a phósadh. Ba doiligh dó sin a rá le gach duine dá gcasfaí air. B'fhusa dó na bróga a chur air agus imeacht leis fríd an bhaile. Rud a rinne sé. Mura dtarraingeofá thusa ort na bróga nuair a chasfaí ort é, d'amharcfadh Micheál síos ar a chosa cupla uair agus, nuair ab fhada leis a bhí tú gan a choisbheart a thabhairt fá dear, déarfadh sé rud éigin fán ghréasaí.

Casadh Síle Liam Mhóir air.

'Maise,' ar sise, 'go maire tú agus go gcaithe tú do bhróga, agus go stialla tú agus go stróca tú iad agus go bpósa tú bean iontu. Ach nach gcluinim gurb é sin an rún atá agat—go bhfuil tú ag gabháil tigh Sheáin Nualann ar an gheimhreadh seo?'

'Go maire tusa do shláinte,' arsa Micheál, agus aoibh bhreá air. 'Ach ná creid leath dá gcluin tú. Níl ar an tsaol ach bréaga,' ar seisean, agus d'imigh sé, ag tarraingt ar theach Chathaoir Bháin.

Ní raibh istigh ach Cathaoir. Tháinig Micheál aníos